C/2025/2263

11.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11923 — GS / HG / TRACKUNIT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2263)

1. An 2 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Tracer Lux Holdco S.à r.l. ('Lux Holdco', Lucsamburg), faoi rialú Goldman Sachs Group, Inc. ('GS', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Hg Pooled Management Limited ('Hg', an Ríocht Aontaithe),

Gheobhaidh GS agus Hg rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Galaxy UK Topco Limited ('Trackunit', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú aonair Hg roimhe seo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is meán sainchuspóireach é Lux Holdco a cruthaíodh chun an t-idirbheart a chur chun feidhme, idirbheart atá á rialú ag GS, ar gnólacht domhanda baincéireachta, urrús agus bainistíochta infheistíochta é,

— Is infheisteoir é Hg i ngnólachtaí bogearraí agus seirbhísí.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Trackunit: díoltóir teileamaitice feithiclí agus trealaimh a bhailíonn agus a dhéanann anailís ar shonraí meaisín i bhfíor-am chun faisnéis thuarthach a sholáthar.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11923 — GS / HG / TRACKUNIT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË